2026/2276

12.10.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2276 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Deireadh Fómhair 2026

maidir le Cathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) a cheapadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún [1], agus go háirithe Airteagal 48(2) de,

Ag féachaint don togra ó Bhord Maoirseoirí an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tiocfaidh deireadh le sainordú Verena ROSS mar Chathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ÚEUM') an 31 Deireadh Fómhair 2026.

(2) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 go bhfuil Cathaoirleach ar ÚEUM le roghnú, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte, ar bhonn fiúntais, scileanna, eolas ar rannpháirtithe margaidh airgeadais agus ar mhargaí, agus ar bhonn taithí atá ábhartha maidir le maoirseacht agus rialáil airgeadais. Ina theannta sin, foráiltear leis an Rialachán sin go bhfuil an Bord Maoirseoirí le gearrliosta d'iarrthóirí cáilithe a chur le chéile, le cúnamh ón gCoimisiún. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh, bunaithe ar an ngearrliosta, lena gceapfar an Cathaoirleach, tar éis do Pharlaimint na hEorpa an ceapachán a dheimhniú. Is tréimhse 5 bliana atá i dtéarma oifige an Chathaoirligh, agus féadfar síneadh a chur leis an téarma sin aon uair amháin.

(3) An 20 Bealtaine 2026, chuir ÚEUM gearrliosta de bheirt iarrthóirí ar phost an Chathaoirligh faoi bhráid na Comhairle.

(4) An 9 Iúil 2026, chuir Uachtaránacht na Comhairle an bheirt iarrthóirí a cuireadh ar an ngearrliosta do phost an Chathaoirligh faoi agallamh thar ceann na mBallstát.

(5) An 22 Iúil 2026, roghnaigh an Chomhairle Carlo COMPORTI do phost an Chathaoirligh as an mbeirt iarrthóirí agus thug sí fógra do Pharlaimint na hEorpa dá réir sin, agus d'iarr sí go ndearbhófaí é.

(6) An 15 Meán Fómhair 2026, thug Parlaimint na hEorpa dearbhú uaithi.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Carlo COMPORTI a cheapadh ina Chathaoirleach ar ÚEUM go ceann tréimhse 5 bliana ón 1 Samhain 2026.

[1] IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Carlo COMPORTI ina Chathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí go ceann tréimhse 5 bliana ón 1 Samhain 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS